An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ciorclán 0033/2019

Chuig: Údaráis Bhainistíochta gach Meánscoile Deonaí

Athbhreithniú ar Rátaí Deontas Caipitíochta le haghaidh Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais

1. Réamhrá

Is é is cuspóir don gciorclán seo na rátaí per capita athbhreithnithe a leagan amach a bhaineann le maoiniú deontas caipitíochta a leithdháilfear ar Mheánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019.

Tagann an ciorclán seo in ionad Ciorcláin 0029/2016.

2. Cuspóir le Deontas Caipitíochta

Le maoiniú caipitíochta tugtar cúnamh i leith gnáthchostais reáchtála scoileanna. Dá réir sin ba chóir é a úsáid chun íoc as costais cosúil le teas, solas, glanadh, árachas agus gnáthchúrsaí cothabhála i scoileanna. Lena chois sin ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil sé i gceist go mbainfeadh scoileanna úsáid as cuid den deontas chun ábhair agus acmhainní múinteoireachta a cheannach.

Is féidir féachaint ar mhaoiniú caipitíochta a chuirtear ar fáil chun gnáthchostais reáchtála agus ar mhaoiniú a chuirtear ar fáil chun seirbhísí airíochais agus rúnaíochta a chlúdach mar ghnáthdheontas as ar féidir leis an mBord Bainistíochta leithdháiltí a dhéanamh de réir a chuid tosaíochtaí féin. Léigh Ciorclán 0048/2009 le do thoil, chun tuilleadh eolais a fháil. Tá sé ar fáil ag https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/?q=48/2009&t=id&f=&l=en.

3. Rátaí Deontais

3.1. Deontas Caipitíochta Caighdeánach.

Íoctar an deontas caipitíochta caighdeánach i dtrí thráthchuid i Meán Fómhair, Eanáir agus Aibreán. Is é €309 in aghaidh an scoláire lúide an ranníocaíocht i leith tuarastal múinteoirí an ráta caighdeánach i gcomhair na scoilbhliana 2019/2020 le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019.

3.2. Deontais ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile

Mínítear mionsonraí maidir le rátaí Deontas Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile, Deontas Rúnaí/ Deontas Rúnaí agus Airíoch ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile /maoiniú deontais Airíoch ón gCiste Tacaíochta Seirbhísí Scoile chuig Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais i gciorclán ar leith atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne.

3.3. Rátaí Deontais Eile

Tugtar na rátaí reatha atá iníoctha maidir leis na deontais eile in Aguisín A.

4. Cúrsaíocht agus Ceisteanna.

Cinntigh, le do thoil, go gcuirfear an Ciorclán seo ar a shúile don mBord Bainistíochta agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó).

Ba chóir aon cheist faoin gCiorclán seo a chur ar Rannóg Airgeadais na Scoileanna ag sdfinfo@education.gov.ie.

Tom Deegan
Príomhoifigeach
Rannóg Airgeadais na Scoileanna
Bealtaine 2019

Aguisín A - Rátaí Deontais

	An Cineál Deontais		**Ráta**	**Mionsonraí**
a)	Deontas Caipitíochta Caighdeánach		€309 in aghaidh an scoláire lúide an ranníocaíocht maidir le tuarastal múinteoirí	Faigheann gach scoil incháilithe an Deontas Caipitíochta. Ríomhtar de réir rollacháin é. Íoctar an deontas caipitíochta caighdeánach i dtrí thráthchuid i Meán Fómhair, Eanáir agus Aibreán. (Méadófar an deontas seo ó €296 go €309 in aghaidh an scoláire le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2019).
b)	Deontas Rang Speisialta		€191 in aghaidh an scoláire	Daltaí ar deimhníodh i measúnú síceolaíoch go bhfuil míchumas foghlama ginearálta éadrom nó meánach acu agus a fhreastalaíonn ar ranganna speisialta atá ceadaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.
c)	Deontais le haghaidh Gaeloideachais agus Oideachas Dátheangach		€103 in aghaidh an scoláire €21 in aghaidh an scoláire in aghaidh an ábhair	Gach ábhar a mhúintear trí Ghaeilge Líon uasta 4 ábhar a mhúintear trí Ghaeilge
d)	An Deontas Caipitíochta maidir leis an Lucht Siúil		€201 in aghaidh an scoláire	Deontas le haghaidh scoláirí den Lucht Siúil atá cláraithe i scoileanna
e)	An Deontas le haghaidh Leabhar		€24 in aghaidh an scoláire €39 in aghaidh an scoláire	Scoileanna nach scoileanna DEIS iad Scoileanna DEIS
f)	Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh		€60 in aghaidh an scoláire	An Cineál cláir
g)	Deontas Idirbhliana		€95 in aghaidh an scoláire	An Cineál cláir
h)	Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí		€151 in aghaidh an scoláire	An Cineál cláir
i)	Fisic & Ceimic		€13 in aghaidh an scoláire	An Cineál cláir